An Coimisiún
Eorpach

# Éire: glas go buan?

## 12 Scéal faoin Aontas Eorpach agus Comhshaol na hÉireann





#EUGreenDeal









## Clár


4 Brollach

5 Réamhrá

6 An dúlra á chosaint ag feirmeoirí

7 An traonach go tréan arís

8 Cóstaí na hÉireann a choinneáil glan

9 Réiteach an athraithe aeráide - faoi do chois é!

10 An fheirmeoireacht cois cósta

11 Foraoisí na hÉireann a chothú

12 Geilleagar ciorclach a fhorbairt do thalmhaíocht na hÉireann

13 Próiseáil déiríochta inbhuanaithe agus an bithgheilleagar ciorclach

14 Gléas beatha ciorclach

16 Gáis ceaptha teasa na talmhaíochta a laghdú

17 Úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní nádúrtha na hÉireann

18 In ómós laoch Éireannach

19 Teagmháil leis an Aontas Eorpach



## *Brollach*

Is tréimhse ríthábhachtach é na deich mbliana atá romhainn má táimid chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim an athraithe aeráide agus ar ghéarchéim na bithéagsúlachta, dhá rud a d'fhéadfadh todhchaí an chine dhaonna a chur i mbaol. Sin na dúshláin is tábhachtaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu agus teastaíonn athrú ó bhonn ar an stíl mhaireachtála atá againn chun dul i ngleic leo.

Aeráid chobhsaí agus bithéagsúlacht shaibhir, sin dhá rud atá riachtanach le haghaidh sláinte leanúnach na sochaí, an gheilleagair, na speiceas agus an phláinéid. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tugtar gealltanas glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa a bhaint amach ar leibhéal an Aontais faoi 2050. Leis an gComhaontú freisin, méadaítear an sprioc uile-Aontais astaíochtaí a laghdú go dtí suas go 55% faoi 2030, rud atá i gcomhréir leis an sprioc an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 1.5°C. Tá Clár nua an Rialtais uaillmhianach freisin, agus tugtar gealltanas ann an líon astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 7% ar an meán in aghaidh na bliana ó 2021 go 2030, astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050, chomh maith leis an mbithéagsúlacht agus an oidhreacht nádúrtha a chosaint.

Bhí tionchar uafásach ag leathadh phaindéim COVID-19 ar an tsochaí. De réir mar a dhéantar iarracht an geilleagar a spreagadh agus a athnuachan arís, ba cheart an deis a thapú dlús a chur leis an aistriú ó spleáchas ar bhreoslaí iontaise chuig sochaí dhícharbónaithe. Cé go mbeidh an t-aistriú sin dúshlánach, beidh deiseanna nua ann dá bharr, rud a fhágfaidh go mbeidh teacht aniar níos mó in Éirinn agus go mbeidh sí níos inbhuanaithe freisin.

Cuirim fáilte mhór chroíúil roimh an mbailiúchán seo de scéalta ratha ó gach cearn den tír. Leagann na scéalta sin béim ar an gcaoi ar féidir le tionscnaimh phraiticiúla i ngach earnáil muid a chur an mbóthar ceart i dtaca le sláinte, leas agus slándáil na glúine seo agus na nglúnta atá le teacht a chinntiú. Tá siúl agam go spreagann siad daoine eile le bheith linn chun an tír, an ilchríoch agus an pláinéad a dhícharbónú.

Toisc scála agus cuimsitheacht níos mó a bheith ag baint leis an uaillmhian sin, beidh gá le straitéisí nua chun an dlús sin a choinneáil le himeacht ama. Tá an Rialtas tiomanta oibriú i gcomhar leis an Aontas agus na saoránaigh uile chun an t-athrú is gá a dhéanamh d'fhonn an tsochaí a chlaochlú. Leis an gComhaontú Glas, neartófar na hiarrachtaí againn.

- Eamon Ryan T.D.
An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

## *Réamhrá*



An tírdhreach méith glas, na huiscí cósta gan mhilleadh, na sléibhte réchnocacha agus an talamh saibhir – sin na nithe a tharraing cáil ar Éirinn ar fud an domhain. Cuid riachtanach d'fholláine an duine is ea an comhshaol. Tá sé ríthábhachtach é a chaomhnú chun a chinntiú go gcuireann sé ar fáil dúinn aer glan, uisce atá sábháilte le hól, chomh maith le bia sláintiúil folláin, bia a n-íoctar ardphraghas as go hidirnáisiúnta agus a mheallann na milliúin cuairteoirí chugainn gach bliain. I dtaca leis an aeráid agus an comhshaol de, tá na blianta beaga atá romhainn an-chinniúnach.

Dar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, is faoi bhun mheán an Aontais Eorpaigh atá Éire ag feidhmiú i roinnt príomhréimsí; go háirithe i dtaca le hastaíochtaí carbóin, caighdeáin an uisce snámha agus an méid talún atá ainmnithe mar limistéir a thugann cosaint d'éin. Tá rabhadh tugtha ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, "nach bhfuil an dul chun cinn cuí déanta ag Éirinn a mhéid a bhaineann le spriocanna 2020 agus 2030 an Aontais" agus go bhfuil an baol ann, "gur faide arís a imeoidh Éire ón gconair chun aistriú go geilleagar agus sochaí ísealcharbóin".

Is maith mar a thuigeann muintir na hÉireann a bhaolaí a bheadh sé dá gclisfeadh ar an gcomhshaol. Nochtaigh suirbhéanna Eorabharaiméadair a rinneadh le déanaí go gceapann 93% de mhuintir na hÉireann go bhfuil sé tábhachtach an comhshaol a chosaint agus go n-airíonn siad freisin gur saincheisteanna móra atá roimh an Aontas iad an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil.

Tá an tAontas ag obair le hÉirinn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin. Chun blaiseadh a thabhairt den mhéid is féidir a bhaint amach, chuir Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn an bailiúchán 12 scéal seo le chéile, scéalta a léiríonn uaillmhian agus tionchar na ngníomhaíochtaí atá ar siúl ar fud na tíre. Tá scéalta ann faoin mbealach a bhfuiltear ag dul i ngleic leis an athrú aeráide, faoin gcosaint atá á déanamh ar speicis atá i mbaol, faoin mbealach a bhfuil teicnicí feirmeoireachta inbhuanaithe á gcur chun cinn, faoin nglanadh atá á dhéanamh ar na haigéin agus faoin mborradh atá á chur faoin athchúrsáil.

I bhfianaise phaindéim COVID, tá cinneadh straitéiseach glactha ag an Aontas féachaint roimhe agus oibriú as lámh a chéile chun an damáiste a chur ina ceart agus todhchaí atá níos fearr agus níos inbhuanaithe a thabhairt ar aghaidh don chéad ghlúin eile. Ní féidir linn talamh slán a dhéanamh den timpeallacht bheo a thuilleadh; tá gá le gníomh práinneach chun nach ndéanfar dochar gan leigheas don phláinéad. Ní hamháin gur chun leas an phobail é an comhshaol a chosaint agus a athbhunú, ach cuireann sé dlús freisin leis an bhfás eacnamaíoch. Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta Comhaontú Glas don Eoraip a thabhairt i gcrích: pacáiste d'athchóirithe forleathana agus de thionscnaimh nua bheartais arb é is aidhm dóibh a chinntiú gurb é an tAontas a bheidh ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Leis an gComhaontú, beidh téarnamh eacnamaíoch an Aontais inbhuanaithe agus cuimsitheach. Trí dhea-shampla ceannaireachta a thabhairt, is féidir a áitiú ar thíortha eile a bheith ag obair i gcomhar linn chun todhchaí atá níos sábháilte agus níos rathúla a bhaint amach.

Is iomaí scéal iontach ó cheithre hairde na tíre a léiríonn tiomantas mhuintir na hÉireann do chaomhnú an chomhshaoil nádúrtha. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip neartófar na hiarrachtaí sin agus cuirfear leo freisin.

- Gerry Kiely, Ceann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn



# An dúlra á chosaint ag feirmeoirí

*"Glac le glas agus ná gabh ina choinne,"* arsa Donal Sheehan.

D'fhéadfadh sé gur thubaisteach an rud é an bhithéagsúlacht a cailleadh in Éirinn i gcaitheamh na mblianta, nó tháinig meath ar ghnáthóga a bhfuil tábhacht leo ar fud an domhain agus chuaigh speicis in éag dá bharr.

Cuid lárnach de chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip is ea acmhainní nádúrtha, dála na bithéagsúlachta, a chaomhnú. Cé go bhfuil ceanglas dlíthiúil ar fheirmeoirí a lorg carbóin a laghdú agus caighdeán an uisce a fheabhsú, níl oibleagáid dhlíthiúil ann fós i dtaca le feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht.

Is é sin an fáth ar chruthaigh Donal Sheehan, feirmeoir as Corcaigh, an tionscadal BRIDE (Athghiniúint na Bithéagsúlachta i dTimpeallacht na Feirmeoireachta Déiríochta).

*"Is é an ghné is nuálaí den tionscadal BRIDE an cur chuige ar scála an tírdhreacha atá in úsáid ann i dtaca leis an mbithéagsúlacht,"* arsa Donal. *"Spreagtar grúpaí feirmeoirí i gceantar ar leith chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht."*

Is iarracht phobalbhunaithe é inar gá do rannpháirtithe 10% dá gcuid talún a choinneáil mar Limistéar Bainistithe Bithéagsúlachta (BMA). Mar shampla, chuir feirmeoirí áirithe píosa beag talún i leataobh chun lochán a dhéanamh de; shaothraigh feirmeoirí eile coillte dúchasacha, chuir siad fálta sceach nó chuir siad ceapacha pailneora i bhfearas – agus é d'aidhm acu uile cur leis an mbithéagsúlacht.

A bhuí leis an tionscadal faigheann feirmeoirí cúiteamh ó scéim íocaíochta atá bunaithe ar thorthaí. Déantar measúnú ar gach gnáthóg agus bronntar marcanna orthu agus cé go bhfaigheann gach feirmeoir buníocaíocht, íoctar bónais le gnáthóga atá ar chaighdeán níos airde de réir a fheabhas a éiríonn leo.

*"Bronntar pointí bónais ar fheirmeoirí a bhfuil réiteach grúpa acu seachas réiteach aonair. Íocann an tionscadal €2 000 in aghaidh an fheirmeora, rud a fhágann, nuair a mhéadaítear sin faoi 44 - an líon feirmeacha a bhí rannpháirteach ann sa chéad bhliain - gur íocadh €90 000 nach mór chun gnáthóga nua a chruthú."*

Tá an tionscadal cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara trí thionscnamh maoinithe na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil (CEN) agus is ó 2018-2023 a bheidh an tionscadal ar siúl.

*"Ní bheadh ann don tionscadal murach an maoiniú ón Aontas Eorpach. An maoiniú a fhaigheann feirmeoirí i nGleann na Bríde cuidíonn sé le gnólachtaí agus le pobail áitiúla. Is é sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin."*

# *An traonach go tréan arís*

Ba chomhartha é glaoch an traonaigh go raibh an t-earrach ann. Sa lá atá inniu ann, áfach, is é is dóichí gur beag duine a chluinfidh ceol crex crex an traonaigh feasta - an ceol céanna as ar ainmníodh ainm Laidine an éin agus a chuirtear i gcosúlacht le cíor a bheith á tarraingt trasna ar bhosca cipíní.

*"Is éan goir ar leith é an traonach faoin tuath in Éirinn agus is cuid dár n-oidhreacht é le fada an lá,"* arsa Denis Strong, Bainisteoir Roinne leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS). *"Tá sé de dhualgas orainn a chinntiú gur slán don traonach in Éirinn, nó is buan gach díothú."*

Bhíodh an t-éan ar fud na hÉireann, ach sa lá atá inniu ann, níl fágtha de ach 151 phéire pórúcháin san iomlán ar chósta thuaidh agus in iarthar na hÉireann, sin laghdú 85% ó na seachtóidí ann. Is mar gheall ar athruithe a tháinig ar chleachtais talmhaíochta agus innealra meicnithe nua-aimseartha is cúis leis an meath tapa seo.

Is é Denis atá freagrach as Scéim Deontais an Traonaigh (CGS) a chur i bhfeidhm, scéim deontais dheonach atá ar fáil d'úinéirí talún a dtugann an traonach cuairt ar a gcuid talún, nó ar áiteanna atá gar dá gcuid talún. Ó mhí Eanáir 2020 amach, is é Denis atá i mbun an tionscadail nua LIFE don Crex Atlantach freisin, tionscadal a dhíríonn ar iarrachtaí caomhnaithe agus a mhairfidh cúig bliana. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal go dtiocfaidh méadú 20% ar an líon traonach faoi 2024.

*"Ós rud é gur faoi úinéireacht phríobháideach atá na croí-limistéir ghoir ar fad, is é an aidhm atá againn deireadh a chur leis an meath trí fheasacht a ardú agus trí bheith ag cur leis na croí-limistéir trí bhainistiú gnáthóige le linn dúinn a bheith ag obair leis na príomhúinéirí talún."*



*"Tá ról tábhachtach ag an bpobal sa tionscadal seo freisin mar go gcuireann siad ar an eolas muid nuair a chloistear traonaigh taobh amuigh de na príomhlimistéir."*

A bhuí leis an gclár LIFE de chuid an Aontais, clár a sholáthair maoiniú €4.3m don NPWS, is slán don traonach mar éan goir rathúil in Éirinn.

*"Is cúnamh ríthábhachtach an ciste seo agus cuireann sé ar ár gcumas pleananna fadtéarmacha a chur le chéile chun an crex a chaomhnú. Is é an toradh atá ar an obair atá déanta againn go dtí seo gur slán don éan goir ar leith seo agus tá súil againn a bheith ag tógáil ar an obair fhiúntach sin amach anseo."*

# *Cóstaí na hÉireann a choinneáil glan*

*"Plaisteach nach mbriseann síos ina iomláine is cúis le suas le 80% den dramhaíl mhuirí,"* arsa Pauline Ní Luanaigh ó Bhord Iascaigh Mhara. *"Tá méid an phlaistigh ag ardú, rud atá ag cur na n-aigéan agus na línte cladaigh i mbaol."*

Ó 2015 i leith, beagnach 400 tonna de dhramhaíl mhuirí a tharraing iascairí in Éirinn ina n-eangacha iascaireachta faoin bhfeachtas "Ag Iascaireacht Bruscair". Is ionann sin agus meáchan dhá cheann de Dhealbh na Saoirse; meáchan 300 carr nó meáchan an spástointeálaí Endeavour!

Tá sé d'aidhm ag "Ag Iascaireacht Bruscair" an dramhaíl sna haigéin a laghdú trí mhálaí ath-inúsáidte a thabhairt do bháid iascaireachta, málaí ina mbailíonn siad ábhair phlaisteacha, smionagar agus dramhaíl mhuirí eile chruinníonn ina n-eangacha agus iad i mbun iascaireachta. Tugann na báid iascaireachta na málaí i dtír, déantar an t-ábhar atá iontu a athchúrsáil nó diúscraítear ar tír é.



Is é Bord Iascaigh Mhara (BIM), gníomhaireacht forbartha bhia mara na hÉireann, atá i mbun na scéime deonaí "Ag Iascaireacht Bruscair" in Éirinn, ar cuid den Tionscnamh um Aigéin Ghlana trí chéile é. Cuidíonn an tionscnamh sin le haghaidh a thabhairt ar fhadhb thromchúiseach na dramhaíola muirí sna haigéin.

*"Oibríonn BIM go dlúth le daoine san earnáil iascaireachta agus san earnáil bia mara trí chéile chun cuidiú le bruscar muirí a laghdú, a tharraingt as an aigéan agus a athúsáid."*

*"Is é is aidhm don scéim feasacht a ardú faoin ngá atá ann comhshaol muirí na hÉireann a chosaint ar fhadhb thromchúiseach na dramhaíola plaistí agus aon dramhaíola eile sna haigéin."*

Tá an Tionscnamh um Aigéin Ghlana agus "Ag Iascaireacht Bruscair" á maoiniú faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh. Tá an scéim ina taca ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, scéim a thacaíonn le cosaint an chomhshaoil mhuirí faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.

San Ísiltír a bhí an scéim bunaidh, agus leathnaíodh ar fud na hEorpa ó shin í.



*"Cuireann an ciste acmhainní stórála ar fáil ar bord na mbád chomh maith le bonneagar ar tír chun fáil réidh leis an dramhaíl a tharraingítear as an bhfarraige. Chláraigh 224 bhád agus 12 chalafort don scéim, rud a fhágann gur chuidigh "Ag Iascaireacht Bruscair" tuilleadh feasachta a ardú agus rannpháirtíocht lucht tionscail a spreagadh."*

# *Réiteach an athraithe aeráide - faoi do chois é!*

Tá portaigh ardaithe na hÉireann ar na héiceachórais neasnádúrtha is sine san Eoraip, portaigh a théann siar breis agus 10,000 bliain. Tugtar cosaint dóibh faoi Threoir ón Aontas maidir le Gnáthóga agus is iomaí flóra agus fána atá tearc agus i mbaol a fhaightear iontu. Anuas air sin is iad na stórais carbóin is mó in Éirinn iad.



Meastar gur mó an méid carbóin a bhíonn i gciseal 15cm móna in aghaidh an heicteáir ná mar a bhíonn i bhforaois thrópaiceach. Tá 20% de thírdhreach na hÉireann clúdaithe le móin agus meastar go stórálann an mhóin sin 1,000 milliún tona carbóin. Is rud fíor-riachtanach don saol í gabháil charbóin.

Breis agus 200 bliain ó shin, ba shlán do níos mó ná 800,000 acra de phortaigh ardaithe ar fud lár-réigiún na hÉireann. Ach, ón uair sin ar aghaidh, baineadh leas astu mar fhoinse breosla shaor, rud a d'fhág na réigiúin gann orthu. Sa lá atá inniu ann, meastar nach bhfuil ach tuairim agus 8% den mhéid sin oiriúnach lena athchóiriú/chaomhnú agus nach bhfuil ach 1% de ina phortach gníomhach, is é sin gur féidir leis fás.

In 2016, cuireadh tús le Tionscadal na bPortach Gníomhach - an tionscadal athchóirithe is mó riamh ar tugadh faoi in Éirinn le haghaidh portaigh ardaithe. Seo mar a labhair Ronan Casey, Bainisteoir Feasachta Poiblí Thionscadal na bPortach Gníomhach, *"Is ag díriú ar 12 shuíomh de phortach ardaithe atá an tionscadal cúig bliana seo, suíomhanna ar Limistéir Caomhantais Speisialta/Natura 2000 iad, ar fud 7 gcontae sa réigiún lár tíre chun cabhrú leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide."*

Tá sé d'aidhm ag Tionscadal na bPortach Gníomhach níos mó ná 750 heicteár de phortach ardaithe beo a athchruthú chomh maith le feabhas a chur ar 2,649 heicteár de ghnáthóg portaigh – sin 7,000 Páirc an Chrócaigh nach mór!



Ní fhéadfaí an tionscadal a bhunú murach an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Aontais Eorpaigh (EU LIFE14) (an nádúr agus an bhithéagsúlacht), a thugann maoiniú €4.6 milliún agus an Rialtas a thugann maoiniú €5.4 milliún.

*"Chuidigh maoiniú an Aontais Eorpaigh linn feidhmeanna éicihidreolaíocha de chuid sé cinn de na 12 phortach ardaithe a athchóiriú ina n-iomláine,"* arsa Ronan.

*"Faoi láthair, tá obair athchóirithe faoi lán seoil ar dhá shuíomh eile agus táimid ag tosú anois ar na ceithre shuíomh dheireanacha. Úsáidfear breis agus 12,000 damba móna chun beagnach 200 ciliméadar de dhraenacha a bhlocáil, draenacha atá ag glacadh uisce ó na portaigh. Tá breis agus 6,300 damba móna suiteáilte againn go dtí seo agus tá fásra agus speiceas na bportach ardaithe téisclime ag fás arís eile. Tá ag éirí go maith leis an obair athchóirithe."*

# An fheirmeoireacht cois cósta

Meallann tírdhreach clúiteach Oileáin Árann cuairteoirí ó chian agus ó chóngar, agus dá bhrí sin tá sé thar a bheith tábhachtach áilleacht agus buanna na n-oileán a chosaint. D'ainneoin nach bhfuil iontu ach achar 46 chiliméadar chearnaithe (is faide Páirc an Fhionnuisce ná Inis Mór, an t-oileán is mó!), tá 500 speiceas planda ar Oileáin Árann – sin 50% de fhlóra iomlán na hÉireann.



Is ar Oileáin Árann atá 17 gcineál gnáthóige dhifriúla atá liostáilte faoin Treoir ón Aontas maidir le Gnáthóga, ar gnáthóga iad atá ag dul i laghad de shíor. Mhair an tionscadal AranLIFE ar feadh ceithre bliana faoin gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Aontais Eorpaigh (EU LIFE+). Mar chuid den tionscadal chuathas i gcomhar le feirmeoirí áitiúla chun tacú le cleachtais feirmeoireachta thraidisiúnta na n-oileán agus chun cuidiú leo oidhreacht shuntasach nádúrtha agus chultúrtha na n-oileán a choinneáil.

Dúirt Patrick McGurn, Bainisteoir an Tionscadail AranLIFE, gur bunaíodh an togra chun eolas áitiúil na bhfeirmeoirí a bhailiú agus tairbhe a bhaint as le cois saineolas eolaithe. Bhí sé d'aidhm ag an tionscadal feabhas a chur ar ghnáthóga feirme ar Oileáin Árann.

*"Faoi láthair, tá breis agus 200 gnólacht feirme ar na hoileáin, dá bhrí sin is cuid thábhachtach de shaol na n-oileán í an talmhaíocht,"* a dúirt Patrick. *"Is áiteanna pórúcháin fíorthábhachtacha iad freisin na hoileáin ag roinnt speicis riachtanacha planda, ag speicis éan agus fiú ag cineálacha áirithe féileacán agus beach."*

*"Is í foireann an tionscadail a d'fhorbair na pleananna feirme agus is iad na feirmeoirí a rinne cur síos ar an obair a bhí le déanamh i ngach páirc agus ar an gcostas a bheadh ar an obair chéanna."*

Ní bheadh an tionscadal chomh rathúil agus a bhí murach an maoiniú €2.4 milliún a tugadh dó faoin gclár LIFE+ de chuid an Aontais.

"Ó thús an tionscadail, d'éirigh linn stádas caomhantais 35% de na gnáthóga tosaíochta a fheabhsú trí dhea-chleachtais bhainistíochta a fhorbairt. Tá neamhchinnteacht ag baint leis na hoileáin amach ó chósta na hÉireann agus beidh sin amhlaidh amach anseo freisin. Ach is gnéithe fíorluachmhara de chultúr na hÉireann iad agus bhí ról lárnach ag an tionscadal AranLIFE le tírdhreach nádúrtha na n-oileán a chur chun cinn."

# *Foraoisí na hÉireann a chothú*



Cuireann an fhoraoiseacht in Éirinn tuairim agus €2.3 billiún le geilleagar na hÉireann gach bliain agus fostaítear tuairim agus 12,000 duine go díreach nó go hindíreach san earnáil.

Tá buntáiste nádúrtha ó thaobh na hiomaíochta de ag Éirinn in earnáil na foraoiseachta. Fágann an aeráid shéimh, fhliuch agus an talamh torthúil go bhfuil rátaí arda fáis in Éirinn nach féidir a shárú sa chuid eile den Eoraip. Tá foraoisí na hÉireann an-éifeachtach ó thaobh carbón a ghabháil agus ocsaigin a sholáthar dúinn chun cuidiú linn análú. Is uirlisí tábhachtacha iad chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Ach, tá foraoisí na hÉireann i mbaol ag an líon stoirmeacha atá ag dul i méad agus a fhágann gur mó an baol a bhíonn ann go séidfear crainn go talamh. Agus an samhradh níos tirime agus níos teo is mó an baol tine a bhíonn ann, tinte a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'fheithidí. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, forbraíodh an Ciste SLM Silva.

Dúirt Paddy Purser, an príomhbhainisteoir foraoise do Chiste SLM Silva agus an stiúrthóir teicniúil do gach gníomhaíocht bainistithe foraoise, "Tá Ciste SLM Silva ag úsáid cleachtais bainistithe foraoise a mbíonn sochair go leor le baint astu ar bhealach níos éifeachtúla ná mar a bhí le gnáthbhainistiú foraoise. Bíodh sin mar atá, bíonn na sochair eacnamaíocha le baint astu freisin," arsa Paddy.

Seo mar a labhair Paul McMahon, Comhpháirtí Bainistíochta le Comhpháirtithe SLM, gnólacht bainistithe infheistíochta le haghaidh foraoiseacht éiceolaíoch agus córais feirmeoireachta, *"Tá sé d'aidhm ag an gciste réadmhaoin atá suite i bhforaoisí in Éirinn a cheannach agus bealach bainistithe foraoise níos inbhuanaithe, ar a dtugtar Cur Chuige an Leanúnachais Foraoise, a chur i bhfeidhm iontu. Leis an gcur chuige sin ní dhéanfar glanleagan ar chrainn (gach crann a bhaint as limistéar ar leith a roghnaítear le haghaidh saothrú foraoiseachta). Ina ionad sin, bíonn an próiseas i muinín saothrú foraoiseachta roghnaitheach crann aonair agus athghiniúint nádúrtha chun foraoisí atá níos nádúrtha agus níos éagsúla a fhorbairt,"* ar seisean.

Rinne an Banc Eorpach Infheistíochta infheistíocht sa chiste tríd an tSaoráid Mhaoiniúcháin um Chaipiteal Nádúrtha (NCFF), atá maoinithe i bpáirt ag an gCoimisiún Eorpach. *"Tá deontas le haghaidh cúnamh teicniúil á chur ar fáil ag NCFF freisin, deontas a úsáidfear chun gníomhaíochtaí oiliúna, monatóireachta agus taighde in Éirinn a mhaoiniú,"* arsa Paddy.

*"Féadfaidh an iliomad tionchair dhearfacha a bheith ag Cur Chuige an Leanúnachais Foraoise ar fholláine na hithreach, ar cháilíocht an uisce, ar an mbithéagsúlacht agus ar an teacht aniar in aghaidh an athraithe aeráide, chomh maith le luach maith saothair airgeadais,"* a dúirt Paul.

# *Geilleagar ciorclach a fhorbairt do thalmhaíocht na hÉireann*



An córas feirmeoireachta atá i bhfeidhm in Éirinn faoi láthair níl sé inbhuanaithe - braitear an iomarca ar leasacháin nítrigine agus fosfair a bhféadfadh a bheith ina gcúis le truailliú an chomhshaoil agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don cháilíocht saoil freisin.

Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, tá an Dr. Patrick Forrestal, Eolaí Taighde Sinsearach leis an Rannóg Taighde Ithreach, Comhshaoil agus Úsáide Talún de chuid Teagasc, ina cheannaire ar thaighde Nutri2Cycle, tionscadal a léirigh gur féidir le feirmeoirí bearta a dhéanamh chun cur lena n-ioncam agus an comhshaol a chosaint ag an am céanna.

*"Tá 18 bpáirtí ó thíortha ar fud na hEorpa rannpháirteach i dtionscadal Nutri2Cycle chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht cothaitheach san ithir chomh maith le héifeachtúlacht gabhála carbóin,"* arsa Patrick. *"Déanaimid measúnú ar ghnólachtaí feirme atá níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe agus cruthaímid iad, rud a fhágann go gcuirtear barr feabhais ar théarnamh na gcothaitheach agus ar an athchúrsáil ar fud na hEorpa."*

Leanfar den tionscadal in Éirinn go dtí 2022. Scrúdaítear na bealaí ar féidir aoileach agus comhábhair fuílligh ó dhéantúsaíocht táirgí déiríochta (déanamh cáise, mar shampla) a úsáid mar chuid de na cleachtais feirmeoireachta a úsáidtear chun barra a tháirgeadh. Cruthaíonn sin córas ciorclach do na cothaithigh fhíor-riachtanacha, d'fhéadfadh carbón a ghabháil san ithir freisin dá bharr.



*"Príomhghné den gheilleagar ciorclach is ea cothaithigh a athchúrsáil trí bhia a tháirgeadh ó fhotháirgí táirgthe bia. Fágann sin gurb éifeachtúla muid agus gur lú na hastuithe a tháirgimid, rud a bheidh an-tábhachtach chun uaillmhianta an Chomhaontuithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach."*

In Éirinn, bunaíodh triail allamuigh ar fheirm thorthúil i gCo. Chill Mhantáin. Léirigh an chéad bhliain den triail gur féidir le feirmeoirí airgead a choigilt ar leasacháin agus an méid céanna barr a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as foinsí athchúrsáilte cothaitheach.

*"Is le leas an chomhshaoil agus le leas gnólachtaí feirme araon é. Is é an Coimisiún Eorpach a thug le chéile grúpa fócais ar an athchúrsáil cothaitheach, grúpa a bhí ina chuid lárnach de chuibhreannas Nutri2Cycle. Fuair an tionscadal seo maoiniú freisin ón gclár Fís 2020, clár taighde agus nuálaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh. Bhí ról ríthábhachtach ag an Aontas maidir leis an obair seo a éascú."*

# *Próiseáil déiríochta inbhuanaithe agus an bithgheilleagar ciorclach*

Tá borradh as cuimse faoi tháirgeadh an bhainne in Éirinn le blianta beaga anuas a bhuí sin leis an Aontas Eorpach deireadh a chur le cuótaí táirgthe bainne in 2015 agus leis an síormhéadú atá ag teacht ar an éileamh ar phróitéin meidhg ar fud an domhain.

Tá meadhg ar cheann de na príomhphróitéiní atá le fáil i dtáirgí déiríochta agus is iomaí buntáiste sláinte a bhaineann leis. Próiseálann tionscal déiríochta na hEorpa na milliúin tona meidhg in aghaidh na bliana chun próitéiní, lachtós agus púdair a tháirgeadh le daoine agus ainmhithe a chothú.

Seo mar a labhair Bill Morrissey, Bainisteoir Tionscadail ar an tionscadal AgriChemWay le Glanbia, *"Fotháirgí ar luach íseal de chuid na próiseála déiríochta is ea an scagáit meidhg agus an scagáit meidhg dhélachtósaithe agus is dúshláin mhóra don tionscadal déiríochta iad. Níl aon bhealach éifeachtach iontaofa ann chun iad a dhiúscairt agus is dúshlán mór é sin go háirithe ó tháinig borradh faoi tháirgeadh an bhainne an uair a chuir an tAontas Eorpach deireadh le cuótaí bainne."*

Léiríonn sin an gá atá le teicneolaíochtaí nua bainistiú a dhéanamh ar na sruthanna dramhaíola gaolmhara.



Tá teicneolaíocht á forbairt ag an tionscadal AgriChemWay lena n-athrófar fuílleach na scagáite meidhg agus na scagáite meidhg délachtósaithe go haigéad lachtach inbhuanaithe atá iomaíoch ó thaobh costais de. Is féidir an t-aigéad lachtach a úsáid i dtáirgí atá bunaithe ar bhiotáirgí, plaistigh in-bhithmhillte san áireamh.

A bhuí leis an teicneolaíocht nuálach atá forbartha ag Glanbia Ireland, is fearr an deis a bheidh ag an tionscal déiríochta agus ag an tsochaí i gcoitinne éifeachtúlacht acmhainní níos fearr a bhaint amach.

*"Is sampla é sin de bhua an bhithgheilleagair chiorclaigh. Is é an toradh a bheidh air sin, gur lú an dramhaíl bia a bheidh ann, gur mó táirgí a tháirgfear ón mbunábhar céanna (bainne) agus go dtabharfar le chéile táirgeadh ábhair bia agus táirgeadh ábhair neamhbhia,"* arsa Bill.

Fuair an tionscadal maoiniú €22m ón gComhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe faoin gclár Fís 2020, clár taighde agus nuálaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh – an chéad tionscadal ón tionscal déiríochta fuair maoiniú faoin gclár.

## *Gléas beatha ciorclach*

A bhuí le The Rediscovery Centre, Lárionad Náisiúnta na hÉireann um Gheilleagar Ciorclach, tá daoine á spreagadh le haistriú chuig geilleagar ciorclach, córas a bhfuil sé d'aidhm aige deireadh a chur leis an dramhaíl agus acmhainní a athchúrsáil. Ach cén chaoi agus cén fáth?



Seo é an freagra a thug an Dr. Sarah Miller, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin The Rediscovery Centre, *"An córas eacnamaíoch líneach atá ann faoi láthair, is córas é atá bunaithe ar an tomhaltas neamhshrianta agus ní córas inbhuanaithe é. Úsctar acmhainní nádúrtha luachmhara chun earraí a dhéanamh, earraí nach bhfuil gá leo nó nach n-úsáidtear ach ar feadh seal beag ama go dtí go gcaitear amach iad. Is mór an costas a bhaineann leis an bpróiseas sin agus is mór an dochar a dhéanann sé don chomhshaol."*

*"Má spreagaimid daoine chun táirgí agus comhábhair táirgí a athúsáid, a dheisiú agus a athchúrsáil, agus má dhéanaimid iarracht cúl a thabhairt le hearraí diomailteacha aon úsáide, sábhálfar airgead, cruthófar poist agus laghdófar an dramhaíl agus astaíochtaí carbóin. Má ghlacaimid prionsabail an gheilleagair chiorclaigh chugainn féin is mó seans a bheidh againn an lámh in uachtar a fháil ar an ngéarchéim chomhshaoil."*

Fuair The Rediscovery Centre, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, €1.8 milliún ó WISER (tionscadal ina ndéantar athchóiriú ar spásanna tionsclaíocha) LIFE chun go ndéanfaí de choire-theach tionsclaíoch nach raibh in úsáid a thuilleadh i mBaile Munna lárionad faoi leith foghlama ó thaithí a bheadh ina "théacsleabhar 3T" chun prionsabail maireachtála inbhuanaithe agus chiorclacha a chur chun cinn.

*"A bhuí leis an maoiniú ón gCoimisiún Eorpach bhí The Rediscovery Centre in ann eiceashaoráid taispeána atá ina lárionad barr feabhais i dtaca leis an inbhuanaitheacht de a fhorbairt, agus is ann atá ár n-oibríochtaí lonnaithe,"* a dúirt Sarah. *"I gCoire-theach nua Bhaile Munna, tugtar le chéile taispeántais oideachais, córais fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúla, ábhair thógála inbhuanaithe agus go leor eile nach iad."*

*"Bíonn ceardlanna ar siúl sa lárionad le haghaidh na gceithre fhiontar shóisialta athúsáide atá againn, mar atá; Rediscover Furniture, Rediscover Fashion, Rediscover Paint, agus Rediscover Cycling, a chuireann bail ar rothair nach bhfuil ag teastáil. Is muidne a chuir Acadamh an Gheilleagair Chiorclaigh ar bun freisin. Clár náisiúnta meantóireachta agus tacaíochta is ea é le haghaidh fiontair shóisialta agus eagraíochtaí pobail a bhfuil spéis acu feidhmiú ar bhealach níos inbhuanaithe agus an geilleagar ciorclach a ghlacadh chucu féin."*

Is féidir leis an bpobal tacú linn ach cuairt a thabhairt ar an Lárionad (Luan go Satharn), siopadóireacht a dhéanamh ann, bualadh isteach chuig an gcaifé, turas an fhoirgnimh a dhéanamh agus páirt a ghlacadh sna ceardlanna agus sna himeachtaí. *"Ceardlanna spraíúla is ea iad le foghlaim conas saol níos inbhuanaithe a chaitheamh. Tar ar cuairt chugainn!"*







# *Gáis ceaptha teasa na talmhaíochta a laghdú*

*"Is féidir leis an talmhaíocht tionchar diúltach a bheith aici ar an gcomhshaol mar gheall gur féidir leis na hastaíochtaí ó tháirgeadh ainmhithe (táirgeadh feola nó bainne, cuir i gcás) a bheith ina bhfoinse mhór gás ceaptha teasa, go háirithe amóinia,"* arsa an tOllamh Kevin McDonnell, ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. *"Agus de réir mar a théann an daonra i méad, téann an t-éileamh ar phróitéin feola i méad freisin."*

Is é is aidhm don tionscadal LIFE Farm4More na tionchair atá ag táirgeadh talmhaíochta na bpróitéiní ainmhíocha ar an gcomhshaol a laghdú. Is tionscadal é atá á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus atá á chomhordú ag an Ollamh McDonnell, an príomhthaighdeoir, i gcomhar lena chomhghleacaithe an Dr. Joseph Sweeney agus an Dr. Fionnuala Murphy. Is féidir an aidhm sin a bhaint amach ach táirgí próitéine bithscaglainne a tháirgeadh (próitéin atá bunaithe ar phlandaí mar shampla) mar chothú ionaid díreach próitéine ainmhíche.



*"Is féidir le hainmhithe athchogantaigh (eallach, caoirigh) aimínaigéid a dhíleá agus a bhaint as féar agus is féidir leo iad a úsáid chun próitéiní a tháirgeadh freisin. Ach, i dtaca le hainmhithe neamh-athchogantaigh (muca agus éanlaith chlóis), ní féidir leosan féar a dhíleá rud a fhágann nach mór dóibh aimínaigéid a fháil ó fhoinse eile – ó chothú pónairí soighe, de ghnáth."*

*"Mar chuid de Farm4More, úsáidimid féar chun gnáthshadhlas burláilte a dhéanamh agus fágaimid é ar coipeadh ar feadh 40-60 lá. Ansin, brúimid an féar agus bainimid an leacht as. Úsáidtear an t-ábhar crua atá fágtha ag deireadh an phróisis mar chothú malartach ar an sadhlas féir. Déanaimid roinnt bithghualaigh (gualach a stórálann carbón) ó ábhair tuí/adhmaid a chur leis agus déanaimid monatóireacht ar iontógáil agus ar astaíochtaí an bheostoic atá á chothú. Tá ardleibhéal siúcraí agus aimínaigéad sa leacht a bhainimid as an bhféar agus is féidir linn é sin a úsáid i gcothú na muc agus na héanlaithe clóis mar ionadach féir ar tháirge cothúcháin pónairí soighe, táirge atá á tháirgeadh lasmuigh den Aontas Eorpach faoi láthair agus atá á iompórtáil chuig an Eoraip."*

Thug an Coimisiún Eorpach 55% den mhaoiniú don tionscadal agus, cé go bhfuil trialacha á ndéanamh faoi láthair agus go mbíonn am i gceist leo, bhí dea-thoradh ar an taighde go dtí seo.

*"De réir an taighde atá déanta éireoidh chomh maith céanna le hainmhithe a chothaítear leis an ábhar crua atá fágtha tar éis an phróisis bhrúite agus le hainmhithe a chothaítear le gnáthshadhlas féir,"* a mhínigh Kevin. *"A bhuí leis an modh malartach táirgthe próitéine ainmhíche ó shadhlas féir, cuirfear feabhas ní hamháin ar éifeachtúlacht táirgthe na próitéine ainmhíche ach laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó tháirgeadh feola agus déiríochta freisin."*

# *Úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní nádúrtha na hÉireann*



Baineann an bithgheilleagar leis an úsáid a bhaintear as acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite ón talamh agus ón bhfarraige – barra, foraoisí, éisc, ainmnithe agus miocrorgánaigh mar shampla – chun bia, ábhair agus fuinneamh a tháirgeadh.

Cuideoidh bithgheilleagar láidir le hÉirinn agus leis an Eoraip maireachtáil ar bhealach inbhuanaithe. Gné lárnach den aistriú i dtreo sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de is ea an leas a bhaintear as acmhainní bitheolaíocha agus as na hacmhainní sin a tháirgeadh.

Faoi láthair, ó tharla gur €2 thrilliún láimhdeachas bliantúil an bhithgheilleagair agus go bhfuil 22 mhilliún duine fostaithe ann, tá sé ar cheann de na hearnálacha is mó agus is tábhachtaí san Eoraip cheana. Tá an tAontas Eorpach ag cuidiú le hÉirinn bithgheilleagar inbhuanaithe a fhorbairt chun slándáil agus rath na nglúnta atá le teacht a chosaint.

Is in 2018 a seoladh BiOrbic (BEACON a tugadh air roimhe sin), Lárionad náisiúnta na hÉireann um Thaighde ar an mBithgheilleagar. Is iad Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an tAontas Eorpach a mhaoinigh an lárionad taighde €18 milliún, lárionad arb é is aidhm dó teicneolaíochtaí agus próisis nua a fhorbairt chun taca a chur faoin úsáid a bhaintear as ár n-acmhainní nádúrtha agus chun fás a chur faoin ngeilleagar.



*"Ní mór dúinn táirgeadh bia, cothúcháin agus ábhar/ceimiceán a chomhtháthú sa dóigh go mbeimid in ann dramhaíl agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, athchúrsáil a dhéanamh, na gnáthóga nádúrtha a chaomhnú agus a bheith ag cur leis an mbithéagsúlacht,"* a dúirt Kevin O'Connor, Ollamh le hEolaíocht Bhithmhóilíneach agus Bhithleighis ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Stiúrthóir BiOrbic.

*An féidir linn an úsáid a bhaintear as plaistigh a laghdú trí ábhair nádúrtha is féidir a athchúrsáil agus ar féidir múirín a dhéanamh díobh a úsáid ina n-ionad? "An féidir linn plaistigh níos glaise a dhéanamh den dramhaíl, rud a laghdóidh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa le linn a dtáirgthe, ionas gur féidir iad a athchúrsáil agus múirín a dhéanamh díobh? Sin agat an bithgheilleagar nua."*

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag BiOrbic chun bithgheilleagar na hÉireann a fhorbairt. In 2018, tháinig taighdeoirí ar chumasc de phlaisteach in-bhithmhillte a bhriseann síos ina iomláine faoi na gnáthdhálaí múirínithe a bhíonn ann sa bhaile. A bhuí leis an bhfionnachtain sin, tá deis ar leith ann plaistigh nua inbhuanaithe a chruthú, plaistigh is féidir a úsáid ar an uile dhóigh ar mhaithe leis an tsochaí agus a laghdóidh dramhaíl freisin.

*"Tacaíonn an tAontas Eorpach lenár gcuspóirí taighde, rud atá thar a bheith tábhachtach dúinn,"* a dúirt Kevin. *"Tá dóchas againn go gcuideofar le gníomhaíochtaí ghnólachtaí na hÉireann a éagsúlú agus le hastaíochtaí carbóin a laghdú in Éirinn ach infheistíocht níos mó a dhéanamh sa bhithgheilleagar."*

# *In ómós laoch Éireannach*


Seoladh droichead coisithe i gCorcaigh in ómós Mary Elmes, Corcaíoch mná a shábháil 200 páiste Giúdach ó shluachampaí géibhinn na Naitsithe. B'oibrí cabhrach í Mary, bean ar tugadh 'Oskar Schindler na nÉireannach' uirthi, agus chuidigh sí le páistí teitheadh as an bhFrainc agus iad faoi cheilt i mbúit a cairr.

Dar le John Stapleton, Innealtóir Sinsearach leis an Ard-Stiúrthóireacht um Fhorbairt Bonneagair, Comhairle Chathair Chorcaí, gurbh ábhar iontais é nach raibh cur amach ag mórán daoine ar scéal a crógachta nuair a roghnaíodh í.



*"Bhí a mac i láthair nuair a osclaíodh an droichead, chomh maith le beirt pháistí Ghiúdacha ar shábháil Mary iad ó Auschwitz,"* arsa John. *"Thug siad cuairt ar chúpla scoil chun a scéal féin, agus scéal Mary a insint, agus chuir sin go mór leis an tionscadal."*

Meastar go mbainfidh suas le 11,000 coisí agus rothaí tairbhe, ar bhonn laethúil, as an nascacht is fearr atá ann a bhuí leis an droichead nua, agus iad ag taisteal idir Lár na Cathrach agus Ceathrú na Victeoiriach.



*"Táimid ag déanamh ár ndícheall infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar coisithe agus rothaíochta i lár na cathrach chun daoine a spreagadh leis na bealaí iompair sin a úsáid mar ghnáthbhealaí iompair."*

*"Tá ag éirí chomh maith sin leis gur láthair é a bhfuil an-tóir uirthi. Chuireamar suíocháin ar an droichead chun spás suaimhneach a chruthú i gcroílár na cathrach. Tá sé i gceist againn freisin lánaí rothaíochta a chur leis an mbealach chuig an droichead agus uaidh agus is cosúil, mar sin, go rachaidh sé ó neart go neart,"* a dúirt John.

D'éirigh le Comhairle Cathrach Chorcaí an tionscadal a chur i gcrích a bhuí le deontas €1.5 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi Chlár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20.



*"Fuaireamar maoiniú ón Aontas Eorpach, ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ó Chomhairle Cathrach Chorcaí. Is i gcomhar a rinneadh an tionscadal seo, i ndáiríre, ach is é an deontas a thug an tAontas Eorpach a d'fhág go raibh muid in ann an tionscadal a chur chun cinn i gceart."*

# *Teagmháil leis an Aontas Eorpach*



## Ar líne

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar shuíomh gréasáin Europa: www.europa.eu

## Ar an bhfón nó le ríomhphost

Is seirbhís é Europe Direct a fhreagraíonn do cheisteanna faoin Aontas Eorpach:

• Saorghlao: 00800 67 89 10 11
(d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

• Le ríomhphost: europa.eu/european-union/contact_en

## I bPearsa

Tabhair cuairt ar cheann d'Ionaid Eolais Europe Direct:
www.europedirect.europa.eu

## Ionaid faisnéise:

*Europe Direct Chluain Eois*
98 Ascaill Chluain Eois,
Co. Mhuineacháin H23 RW70
cloneslibrary@monaghancoco.ie

*Europe Direct Bhaile Bhlainséir*
Lárionad Cathrach, Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15
europedirect@fingalcoco.ie

*Europe Direct Phort Laoise*
Teach Dhún Másc, Cearnóg Lyster, Port Laoise,
Co. Laoise R32 X702
europedirect@laoiscoco.ie

*Europe Direct Leitir Ceanainn (agus Ghaoth Dobhair)*
Bóthar Oilibhéir Pluincéid, Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall F92 R273
eudirect@donegallibrary.ie

*Europe Direct Bhéal Átha na Sluaighe (agus na Ceathrún Rua)*
Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe,
Co. na Gaillimhe H53 T320
Ballinasloe@galwaylibrary.ie

*Europe Direct Phort Láirge*
Lána Mhuire,
Co. Phort Láirge X91 V045
europedirect@waterfordcity.ie

*Europe Direct Shligigh*
Sráid Stiofáin, Co. Shligigh F91 X264
europedirect@sligococo.ie

*Europe Direct an Aonaigh*
Sráid Uí Rathaille, An tAonach
Co. Thiobraid Árann E45 AK50
nenaghlibrary@tipperarycoco.ie

## Ionaid Doiciméadúcháin Eorpacha:

*An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Foilseacháin Oifigiúla & Ionaid Doiciméadúcháin Eorpacha*
Leabharlann James Joyce COBÁC, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil Luimnigh*
Leabharlann Glucksman, Ollscoil Luimnigh, Luimneach

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Robert Schuman*
Leabharlann COC, Bóthar an Choláiste, Corcaigh

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide*
Coláiste na Tríonóide, Sráid an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Leabharlann James Hardiman, Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh

## An Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa

*Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn*
Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
www.euireland.ie

*Oifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa in Éirinn*
Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
www.europarl.ie

An Coimisiún Eorpach

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le:

## Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn


Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath, Duga na Canálach Móire, Baile Átha Cliath

D02 W710

Guthán: +353 1 6341111     Suíomh gréasáin: www.euireland.ie     Ríomhphost: eu-ie-info-request@ec.europa.eu


@eurireland
#EUGreenDeal

euireland
#EUGreenDeal

www.facebook.com/EUIreland